



PREASEISIÚINT Uimh. 175/24

Lucsamburg, 8 Deireadh Fómhair 2024

Atoghadh Koen Lenaerts ina Uachtarán ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

I ndiaidh na hathnuachana páirtí ar chomhaltaí na Cúirte Breithiúnais¹, roghnaigh a chomhghleacaithe Koen Lenaerts mar Uachtarán ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 8 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027

Rugadh an tUasal Koen Lenaerts in 1954 in Mortsel (an Bheilg). Bhain sé céim amach sa dlí in 1977 ó Katholieke Universiteit Leuven (Ollscoil Chaitliceach Leven, an Bheilg) sular lean sé ar aghaidh lena chuid staidéir in Ollscoil Harvard (Ollscoil Harvard, Stáit Aontaithe Mheiriceá). Bhain sé amach Máistreacht sa Dlí ann in 1978 agus Máistreacht i Riarachán Poiblí in 1979. D'fhill sé ar an Katholieke Universiteit Leuven, áit ar bronnadh dochtúireacht sa dlí air in 1982. Ba ag an ollscoil chéanna seo a thosaigh sé ar a ghairm bheatha in 1979 mar chúntóir, ansin mar Ollamh le Dlí Eorpach in 1983. Le linn a ghairm acadúil, mhúin sé freisin i gColáiste na hEorpa in Brugge (an Bheilg) ó 1984 go 1989, chomh maith le Scoil Dlí (Scoil Dlí Harvard, Stáit Aontaithe), mar Ollamh ar cuairt, in 1989. Chuaigh an tUasal Lenaerts isteach i seirbhís na Cúirte Breithiúnais mar rúnaí dlí don bhreitheamh René Joliet, post a bhí aige ó 1984 go 1985, sular chleachtaigh sé mar dhlíodóir ó 1986 go 1989 ag barra na Buiséile. Ceapadh é ina bhreitheamh i gCúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach ón 25 Meán Fómhair 1989, an lá a suiteáladh an chúirt nua-chruthaithe seo. Shuigh sé ansin ar feadh níos mó ná ceithre bliana déag, sular ceapadh é ina bhreitheamh sa Chúirt Bhreithiúnais ón 7 Deireadh Fómhair, 2003. Chuir a chomhghleacaithe feidhmeanna Uachtarán dlísheomra de chúram air ar feadh dhá théarma i ndiaidh a chéile, ón 9 Deireadh Fómhair 2006 go 8 Deireadh Fómhair 2012, agus ansin feidhmeanna Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais ar an 9 Deireadh Fómhair 2012. Toghadh é ina Uachtarán ar an gCúirt Bhreithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2015 agus tá an post aige ó shin.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Féach preaseisiúint [uimh. 174/24](#) an 7 Deireadh Fómhair 2024.